CORA Cork Open Research Archive
Cartlann Taighde Oscailte Chorcaí

Title	Dhá théacs dlí
Authors	Ó Macháin, Pádraig
Publication date	2004
Original Citation	Pádraig Ó Macháin (2004) 'Dhá théacs dlí' In: J. Carey; M. Herbert; K. Murray(Eds.). Cín Chille Cúile: texts, saints and places: essays in honour of Pádraig Ó Riain. Aberystwyth: Celtic Studies Publications, pp 309-305. isbn 189127113X
Type of publication	Book chapter
Rights	© 2004, Pádraig Ó Macháin
Download date	2025-03-28 08:53:32
Item downloaded from	https://hdl.handle.net/10468/1164

UCC
University College Cork, Ireland
Coláiste na hOllscoile Corcaigh

Dhá Théacs Dlí

Pádraig Ó Macháin

Ar na bunfhoinsí do ghnéithe de shaol agus de ghnáthimeachtaí daoine in Éirinn sa mheánaois déanach tá cairteanna gairide dlí. Gach a maireann inniu de na cáipéisí seo nó dá dtuairisc, is leis an séú haois déag a bhaineann formhór acu, cé gur léir ar iarsmaí eile go raibh taithí ag Gaeil ar fhianaise scríofa ón gcianaimsir i leith.[1] Chun buanú a dhéanamh ar shocraithe dlíthiúla a cuireadh an fhianaise sin i scríbhinn, i dtreo ná himeodh sé ó chuimhne na muintire ar thagair an fhianaise sin dóibh: 'memoria vadit, litera custodit', mar adeirtear i gcáipéis amháin acu.[2] Tá fianaise áirithe ann, leis, gur lean an nós so in áiteanna, agus na gnáthaimh a ghaibh leis, anuas go lár an ochtú haois déag.[3]

Cé gur féidir cineálacha áirithe cairte a aithint – uacht,[4] morgáiste,[5] breithiúntas (féach thíos), conradh tacaíochta aimsir chogaidh,[6] cleamhnas,[7] socrú tiarnais,[8] agus mar sin de – is é an bunús ceanann céanna a bhíonn leothu go léir, geall leis, is é sin teideal ar shealúchas éigin a réiteach agus a shuíomhaint go cruinn, sealúchas talún de ghnáth. Is sa chruinneas san atá cuid de thábhacht na gcáipéisí seo: sna logainmneacha, sna mionranna fearainn, i gcóras an réitigh agus sna mionsonraí díolaíochta agus malartaithe.[9]

Ceannródaí ab ea James Hardiman maidir le staidéar agus foilsiú a dhéanamh ar na cáipéisí seo, agus níor chuir imeacht na mblianta laghdú ar bith ar thábhacht a chuid oibre-sean ó tharla formhór mór na gcáipéisí a d'fhoilsigh sé bheith imithe ó thuairisc ó shin. Ar scoláirí eile ar cheart iad a lua tá Todd, a tharraing aird ar bhailiúchán de chairteanna i gColáiste na Tríonóide,[10] agus an Grádach, a thug sárchuntas ar na lámhscríbhinní dlí trí chéile mar a fuair sé roimhe iad i Músaem na Breataine.[11]

Lenár linn féin, níl aon amhras ná gurb é Gearóid Mac Niocaill an té is mó a bhfuil saothrú déanta aige sa ghort áirithe seo. Lasmuigh dá shaothar foilsithe, tá bunfhoras taighde agus eagarthóireachta curtha síos aige ina thráchtas dochtúireachta nár foilsíodh riamh ach nach féidir ar a shon san aon

---

[1] G. Mac Niocaill, *Notitiae as Leabhar Cheanannais 1033–1161* ([BÁC], 1961) 5–9.
[2] K. Nicholls, 'Gaelic landownership in Tipperary in the light of the surviving Irish deeds', in W. Nolan (eag.), *Tipperary history and society* (BÁC, 1985) 92–103, ag 93.
[3] Féach Leabharlann Náisiúnta na hÉireann LS G 346, lch 88 (*NLI Cat.* VIII, 27).
[4] J. Hardiman, *Ancient Irish deeds and writings chiefly relating to landed property from the twelfth to the seventeenth century* Trans. RIA XV, lgh 3—95, (BÁC 1826) § XXXVI; B. Ó Cuív, 'A seventeenth-century legal document', *Celtica* 5 (1960) 177–85.
[5] G. Mac Niocaill, 'Seven Irish documents from the Inchiquin archives', *Analecta Hibernica* 26 (1970) 45–69, ag 58–60.
[6] J. Mackechnie, 'Treaty between Argyll and O'Donnell', *SGS* 7/1 (1951) 94–102.
[7] Hardiman § XXVI.
[8] M. Carney, 'Agreement between Ó Domhnaill and Tadhg Ó Conchubhair concerning Sligo Castle (23 June 1539)', *Irish Historical Studies* 3 (1942–3) 282–96.
[9] Ba é breithiúntas D.A. Binchy ar na cáipéisí seo trí chéile ná iad a bheith 'severely factual' ('Distraint in Irish law', *Celtica* 10 (1973) 22–71, ag 67).
[10] J.H. Todd, 'On some ancient Irish deeds', *PRIA* 7 (1857–61) 15–19.
[11] *B. Mus. Cat.* I, 76–157.

fhoilsiú a dhéanamh ar ábhar na gcairteanna gan tagairt dó. Tá eagar agus aistriú déanta ansan ar dhá cheann agus ceithre fichid de cháipéisí.[12] Saothar cuimsitheach an saothar san, ach ní nach ionadh é go mbeadh cairteanna eile fós ag teacht chun barra nár aimsigh an t-údar san am. Dhá cheann acu san atá anso im dhiaidh, agus iad á dtairiscint le meas agam do dhuine a bhfuil go leor déanta le blianta aige féin ar bhunfhoinsí na Gaeilge.

1

Tá fáil ar an gcairt seo in John Rylands University Library, Manchain, Irish MS 21. Lámhscríbhinn ghinealaigh ón naoú haois déag í sin, an chairt mheamraim seo fuaite agus fillte ar f. 23v, agus treas-scríobh (ón Donnabhánach?) ar a bhfuil inti ar f. 24r.

Thart ar seasca fán gcéad dá maireann de na cáipési déanacha dlí seo baineann siad le Tuadhmhumhain, le Contae an Chláir go háirithe, agus ní taise don gceann so thíos é. Réiteach aighnis ón mbliain 1560 atá ann. Aighneas beirte is ea é, Domhnall mac Donnchaidh agus Seaán Ó Maoil Chonaire. Tá a thuilleadh eolais le fáil i dtaobh na beirte seo i gcairt eile, dár dáta Meitheamh 1548, ina bhfuil morgáiste á sholáthar ag Seaán do Dhomhnall (nóta 23 thíos), agus is don socrú san a tagraítear i ndeireadh na cáipéise seo thíos. Bhí Seaán ina rann arís de chonradh eile i dtreo dheireadh na bliana céanna, Nollaig 1548, inar deineadh socrú talún idir é agus beirt de Mhuintir Chearmada, agus Domhnall mac Donnchaidh ar na fínnéithe.[13] I Ros Muineachair, thart ar leathmhíle laisteas den gCeapaigh (mar ar deineadh socrú 1560), a deineadh an dá chonradh san na bliana 1548.

Chuir an Grádach i gcás gur de Chlann Chon Mara an Domhnall so mac Donnchaidh.[14] Deirtear i gcáipéis Mheitheamh 1548 gur Seaán Ó Maoil Chonaire ‘on Ardcoill’ (Ardkyle) atá i gceist; blúire beag eile eolais ar an duine seo, mar sin, is ea an chairt seo inár ndiaidh, mar go dtuigtear gurb ionann é agus fear a raibh scoil cháiliúil sheanchais aige i bhfoisceacht Droichead Abhann Ó gCearnaigh sa tarna leath den séú haois déag.[15]

An ceantar atá fé chaibidil sa chairt, Baile Í Oisín (Ballysheenbeg, Ballysheenmore), níl ach thart ar dhá mhíle shlí, soir ó thuaidh, idir é agus an Ardchoill. I bparóiste Cill Fiodhnachta atá sé, i mbarúntacht Bhunraite Íochtaraigh anois ach i mbarúntacht na Tulaí aimsir na cairte.[16] Tá áit chónaithe Dhomhnaill mheic Dhonnchaidh, Béal an Chuilinn (Ballycullen), míle go leith soir arís. Buailte suas le Droichead Abhann Ó gCearnaigh atá bailte fearainn na Ceapaí (Cappagh North, Cappagh South, Cappagh Lodge, Cappagh Castle), mar a raibh airnéis Sheaáin Uí Mhaoil Chonaire. Cé go dtuigtear dom ná fuil trácht anois ar ‘Cluain Í Conín’ sa cheantar so,[17] ba dhóigh le duine ó chur síos na cairte gur choimín idir an Cheapach agus Baile Í Oisín ab ea é.

---

[12] G. Mac Niocaill, ‘Cáipéisí dlí i nGaeilge 1493–1621’, PhD, Ollscoil na hÉireann 1962. (I riocht MacN, móide comhartha ailt, a thagraím don saothar so thíos.)

[13] Hardiman § XXIV; féach an mhacasamhail in *B. Mus. Cat.* III, Pláta X.

[14] *B. Mus. Cat.* I, 156. Is fiú a lua, áfach, go raibh seilbh cheathrún amháin de Bhaile Í Oisín Beag ag Daniell Mc Donnogh O’Clanchy sarar baineadh an ceantar de na Gaeil (*Books of survey and distribution … County of Clare* (BÁC, 1967) 94); tá Ardmaclancy ina bhaile fearainn ar an dteorainn lastuaidh de Bhaile Í Oisín Beag.

[15] C. Mhág Craith, *Dán na mBráthar Mionúr* I-II (BÁC, 1967, 1980) II, 178–80.

[16] An tSuirbhéireacht Ordanáis, Léarscáil 6 orlach, Co. an Chláir, Bileog 52.

[17] Tá Ballycunneen, baile fearainn, ar theorainn na hArdchoille laisteas.

Fé bhráid treas Iarla Tuadhmhumhan, Conchubhar Ó Briain, ar leis tailte na Ceapaí agus Bhaile Í Oisín,[18] a cuireadh an chúis aighnis, agus roghnaigh seisean beirt mholtóir chun scagadh a dhéanamh ar an gceist.[19] Sa Cheapaigh féin a tugadh breith na moltóirí, agus is fiú ceann a thógaint de gur sa Cheapaigh sin arís a bhí cónaí ar Mhuiris Ó Maoil Chonaire gur ina thigh siúd a deineadh socrú talún, ná baineann le hábhar anso, sa mbliain 1549.[20]

> IS i foir*m* na sg*r*ibhneor*acht*a so .i. Domn*all* m*a*c Don*n*ch*aidh* m*ei*c Domn*aill* o Bél in Cuil*inn agus* Seaan Ó Maoil *Conai*r*e* ag den*am* cora re cele fa ceann loilg*ech* do rug / Domn*all* mac Donnch*aidh* o Seaan O Maoil *Chon*aire et *air*neis Seaain an*n*sa Ceapoidh et é da radh g*ur*ab df*er*ann Baile Í Oisín Cluain Í *Con*ín *agus* co*ir* / do thogha do *Con*chub*ar* O B*r*iain eaturra a taoibh na bó sin .i. Muirc*er*tach m*a*c *Con*cubh*air* Oig M*ei*c Fl*ann*ch*adh*a et Domn*all* R*uadh* m*a*c *Concubhair* Uaithne do togbhad= / *ar* sin finne na co*mar*san *air* Cluain Í *Con*ín *agus* do rinn*ed**ar* na co*mair*sin dfinne g*ur*ab m*ar* com*i*n coitcean*n* do bí in f*er*on*n* riamh id*ir* tSli*cht* m*ei*c Don*nchaidh* / et Cl*ann* in *Air*cinnigh *agus* do molad*ar* na moltoirí da drui*m* sin a loilg*each* fein do Seaan O M*aoil Conai*re *agus* do rinne Domn*all* m*a*c Don*n*ch*aidh* dil / do loilg*igh* Seaain et tug se da toil fein *agus* da aontoigh da ba in*n*laogha na Feil San Seaain do Seaan O Maoil *Conai*r*e agus* si*n* do beith aige / m*ar* b*arr* gill *ar* ceatr*am*a mir Mach*air*e in Cloigin*n agus air* leathcheathr*am*a mir Mach*air*e Beil na Abha fa re g*a*c geall da tug se roi*m*e si*n* do Do*m*nall / ortha *air* ruadhan na Ceap*aighe* do rin*n*eadh in mol*adh* so aois in Tig*er*na mili bli*adhan agus* .u.c. et trí fichit bli*adhan* in sea*cht*m*adh* la fichit do mí Mai et / ag so lam Domn*aill* m*eic* Don*n*ch[*aidh*] mar fin*ne* *ar* in diolaigh*eacht* so noch tug se do Seaan O Mul*conai*r*e* / Domn*all* m*a*c Don*n*ch*aidh* / Murc*er*tach M*a*c Fl*ann*ch*adha* / Domn*all* mc *Con*cubh*air* Uaithne / *Con*cubh*ar* Og M*a*c Cl*ann*ch*adh*a
>
> *The substance*[21] *of this writing is as follows: Domhnall mac Donnchaidh mheic Dhomhnaill from Béal an Chuilinn and Seaán Ó Maoil Chonaire making a settlement with each other concerning a milch-cow that Domhnall mac Donnchaidh took from Seaán Ó Maoil Chonaire when Seaán's cattle were in An Cheapach, and he* [sc. *Domhnall*] *claiming Cluain Í Choinín to be part of Baile Í Oisín.*
>
> *And Conchubhar Ó Briain determining a settlement between them concerning that cow as follows: Muircheartach mac Conchubhair Óig Mheic Fhlannchadha and Domhnall Ruadh mac Conchubhair Uaithne, they took the evidence of the neighbours concerning Cluain Í Choinín, and they* [*sc.* the neighbours] *bore witness in that regard that the land was ever a shared common between Sliocht meic Dhonnchaidh and Clann an Airchinnigh.*

[18] *Books of survey and distribution*, 95.
[19] Cur chuige ar aon dul leis seo le sonrú in Mac Niocaill, 'Seven Irish documents', 52–8.
[20] MacN § 36.
[21] Cf. 'Isi foirm acus eifecht na sgriobhnoireachta so', Hardiman § XX; 'do reir efeachta acus fhorma na sgribhinne so', Hardiman § XXXVIII (fé dhó); brí 'cinneadh', b'fhéidir, atá ag *foirm* in: 'Ag so an fhoirm agus an mola', Hardiman § XXXII.

And the arbitrators recommended accordingly that his own milch-cow [*be returned*] *to Seaán Ó Maoil Chonaire, and Domhnall mac Donnchaidh made payment for Seaán's milch-cow, and he gave of his own volition and agreed two in-calf cows of St John's Feast to Seaán Ó Maoil Chonaire, and he to have that as an additional pledge for the quarter section of Machaire an Chloiginn and of the half-quarter section of Machaire Béil na Abha, in addition to every pledge which he* [*sc. Seaán*] *gave for them heretofore to Domhnall.*[22]

On the moor[23] *of An Cheapach this arbitration was made, the year of the Lord 1560, the 27th day of the month of May.*

And this is the hand of Domhnall mac Donnchaidh as a witness to this payment which he has made to Seaán Ó Mulchonaire. / Domhnall mac Donnchaidh / Muircheartach Mac Flannchadha / Domhnall mac Conchubhair Uaithne[24] */ Conchubhar Óg Mac Clannchadha.*

2

Tá dhá chairt Ghaeilge ríofa sa chuntas a d'ullmhaigh Seán Murphy do Choimisiún Láimhscríbhinní na hÉireann ar cháipéisí a bhí in Westport House: cairteanna 19 agus 42a–b, dár dáta 1597 agus 1609 fé seach.[25] Táid seo anois ar buanchoimeád i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.[26] Tá an ceann déanach i gcló in MacN § 67. An chéad cheann (G 1306/1) acu atá i gcló anso im dhiaidh.

Baineann an chairt pháipéir[27] seo le scata oileán i gCuan Modha, tamall gairid amach ó chósta Mhaigh Eo. Inis Daimh (Inishdaff) 'asdígh agus amuigh' an fearann atá i gceist, agus is é an chuid 'amuigh' den inis sin ná na hoileáin eile a luaitear sa cháipéis – Inis Laighe (Inishloy), an t-oileán is giorra d'Inis Daimh; Inis Cuill (Inishcuill (East)), Inis Mult (Inishmolt), agus Inis Feis (Inishfesh), trí hoileáin atá i ngiorracht idir a trí agus a cúig de mhílte siar ó Inis Daimh – agus Ros Cille (Rosnakilly) agus Ros Beag (Rosbeg), an dá cheantar mhórthíre is cóngairí d'Inis Daimh. Isteach is

[22] An 9 Meitheamh 1548 thug Domhnall mac Donnchaidh 'ceatrama mir Macaire in Cloigin acus leathcheathrama mir Macaire Beail na Aba' do Sheaán Ó Maoil Chonaire 'na ngill re secht mbuaibh fichit innlaogh' (Hardiman § XXIII). Táthar á rá anso go bhfuil méadú dhá bhó déanta ar an ngeall anois, is é sin gur naoi mba fichead a theastóidh chun an talamh a fhuascailt. Tugann Knott (*TD* II, 262) sainmhíniú maith ar bhrí an fhocail *geall* sa chomhthéacs so: 'it is used of number of cows given for a piece of land, the latter being redeemable on the payment of cows equal in number and value'. Tá caint ag Mac Niocaill ar 'the ubiquity of the pledge as an instrument of land-transfer' in 'Land-transfer in sixteenth-century Thomond: the case of Domhnall Óg Ó Cearnaigh', *North Munster Antiquarian Journal* 17 (1975) 43–5, ag 45.

[23] Á ghlacadh leis atáim anso nach logainm cinnte é *ruadhán*; féach P. Canon Power, *The place-names of Decies*, 2ú eag. (Corcaigh, 1952) 218: '*Ruan* is primarly a plant which dyes red, but it is used, even by English speakers, in a transferred sense, to designate a certain class of inferior, moory land which produces the weed in question'. Áirítear 51 d'acraí na Ceapaí ina bportaigh in *Books of survey and distribution*, 95.

[24] Bhí Domnall Ruadh mac Concubar Uaithne ina fhínné ar chonradh Mheitheamh 1548 (nóta 23 thuas).

[25] S. Murphy, 'The Sligo Papers, Westport House, Co. Mayo: a report', *Analecta Hibernica* 33 (1986) 15–46, ag lgh 31 agus 33.

[26] G 1306/1–3.

[27] Bifolium is ea é, an téacs ar f. [1]r; ff. [1]v–[2]r bán; agus an méid seo treasna f. [2]v: 'Manus O Murand / his deed to Rishard / Bourke of Inisdaff'.

amach le céad nócha d'acraí a bhí i gceist sa mhéid sin go léir, agus ina chuid de pharóiste Chill Mhíona, barúntacht Bhuiríos Umhaill, a áirítear an t-iomlán.[28]

Ar Inis Laighe is ea socraíodh an t-aistriú sealbhaíochta is ábhar don gcairt. Conradh simplí is ea é, aistriú talún ó dhuine amháin go duine eile, agus geall áirithe ag gabháil leis. Malartú airgid nó airnéise a tharlaíonn coitianta ina leithéid d'aistriú, go háirithe nuair is morgáiste a bhíonn i gceist. Uaireanta, áfach, nuair is ón lag go dtí an láidir a aistrítear an talamh, is mar mhalairt ar chosaint phearsanta a deintear é.[29] Sid é an saghas conartha atá i gceist anso, agus is áirithe gur aistriú ó lag go láidir é, ráite gur dócha gurb ionann 'Risterrd a Burc meic Ricaird' agus Risdeard mac Deamhain an Chorráin ar deineadh Mac Uilliam Íochtar de mí na Márta 1600/1601.[30]

Ihc Maria

IS e adhbh*ur* an scribhín*n* so dfhoill[s]*iughadh* con*nar*tha Risd*err*d a Burc m*e*ic Ric*air*d / *agus* Man*us*a Í Mhurai*n* Et IS e an connr*adh* sin go ndearn*a* Man*us* O M= / uráin oighre do Risd*err*d a Burc *ar* a chuid fein do duithche *Inse*[31] / Dai*mh agus* at*a* dfhíachuibh *ar* Risd*err*d bh*eith* ag Manus do br*é*ithir *agus* do lai*mh agus* / do breith *agus* do gniomh anoíghe g*a*c aoín *agus* at*a* sealbh na duithce ag / Man*us ar* feadh a bheath[adh] *agus* do cion*n* an con*nar*tha si*n* go tug Risdeard a Búrc / o*cht* m*ar*g do Bhait*er* a Burc m*a*c Hibeard d[fh]osda na *m*ban*n*aighe as duthche / *Inse* Dai*mh* asdígh *agus* amuigh *agus* o la Man*us*a am*a*c an duithche ag Risd*err*d aga / noíg*r*e na diaigh Et isíad fían*ui*se an co*nnar*tha si*n agus* an gill fos Ric*ar*d a Búrc / mac an Aba Caoích *agus* Uill*iam* Og m*a*c Uill*iam* m*e*ic Risd*err*d *agus* Maolse[32] m*a*c Uill*iam* / Caoích *agus* Eoghan O F*er*gusa *agus* Uait*er* a Burc m*a*c Hibeard *agus* Dabhi Dubh / m*a*c Hibeard *agus* Seaan Isoige m*a*c Seaáin Mic Gíubui*n agus* Seaan m*a*c Maoilse / m*e*ic Han*n*ríghe *agus* Ric*ar*d O Bhera *agus* Teaboid m*a*c a Gilla Duibh Mic Giubui*n* / *agus* Siosaile Dubh *inghean* M*e*ic Dom*n*all [*sic*] an .20. la do Mi M*ar*ta an Ínnis Laighe / 1597 Inn*i*s Dai*mh* Ínn*í*s Laighe Ínn*í*s Cuill Ínn*í*s Mult Inn*i*s Feis Ros Cílle Ros Beag f*e*ran*n* an / gillsi*n*[33] / Risd*err*d [*a chomhartha súd*] a Burc Manas [*a chomhartha súd*] O Murai*n*[34]

The purpose of this deed is to make known the agreement of Risdeard a Búrc meic Riocaird and of Mánus Ó Múráin. And that agreement is that Mánus Ó Múráin has made Risdeard a Búrc heir to his part of the territory of Inis Daimh and Risdeard is obliged to be with Mánus by word and by hand and by judgement and by action in opposition to all, and Mánus has possession of the territory for the duration of his life, and in return for that agreement Risdeard a Búrc gave eight marks to Bhaitéar a Búrc mac Hibeard to retain the bonds[35] *for*

[28] An tSuirbhéireacht Ordanáis, Léarscáil 6 orlach, Co. Mhaighe Eo, Bileog 76.
[29] Féach go háirithe J. O'Donovan, *The tribes and customs of Hy-Many* (BÁC, 1843) 160–62.
[30] H. T. Knox, *The history of the county of Mayo to the close of the sixteenth century* (BÁC, 1908) 278.
[31] LS .nc. *passim*.
[32] LS maorlse *agus punc fén* r.
[33] Sceideal so na dtailte i láimh scríobhaí na cairte ach i malairt dúiche.
[34] An leathrann so i malairt dúiche agus láimhe ag bun na cairte: 'deis a deargtha re gual an graidh . an fuar dobail ceardcha an ciogh'.
[35] I seilbh an triú páirtí a cuireadh na bannaí sa chás go dteipfeadh ar Risdeard cosaint a thabhairt do Mhánus.

the territory of Inis Daimh within and without, and after Mánus's death the territory is to be Risdeard's, the heir after him.

And the witnesses[36] *of this agreement and of the pledge as well are Riocard a Búrc mac an Aba Caoich and Uilliam Óg mac Uilliam meic Risdeard and Maoilse mac Uilliam Caoich and Eóghan Ó Fearghusa and Uaitéar a Búrc mac Hibeard and Dábhí Dubh mac Hibeard and Seaán Ísóige mac Seaáin Mic Giubúin and Seaán mac Maoilse meic Hannraighe and Riocard Ó Bhéara and Teabóid mac a' Ghiolla Duibh Mic Giubúin and Siosaile Dubh inghean Meic Dhomhnaill, the 20th day of the month of March in Inis Laighe 1597.*

The territory of that pledge comprises Inis Daimh, Inis Laighe, Inis Cuill, Inis Mult, Inis Feis, Ros Cille and Ros Beag. Risderrd [his mark] *a Burc, Manas* [his mark] *O Murain.*[37]

[36] Maidir le *fiadhnaise* a úsáid sa chéill seo, agus é san iolra, cf. 'acus siad fiadhnuise ata ar na seacht mba sin do diol', Hardiman § X; 'Is iad fiadhnuisi an chundartha', *Twenty-ninth report of the Deputy Keeper of the Public Records … in Ireland* (1897) 42–4, ag 42; 'Ag so fiadhnuisi an cunnrudh so', J. O'Donovan, 'Covenant between Mageoghegan and the Fox, with brief historical notices of the two families', *Miscellany of the Irish Archaeological Society* I (BÁC, 1846) 179–97, ag 194.

[37] Táim buíoch den Dr Aoibheann Nic Dhonnchadha as dréacht den alt so a léamh.